# Scéal na gCnaipí

Nach ait na rudaí gearrchailí! Ní bhíonn aon mhaith iontu chun aon ní ach chun screadaí nuair dhéanfá aon ní leo.

Tá ceann acu sa tigh againne: Cáit. Deirfiúr dom is ea í agus is óige í ná mise. Tá sí ina peata ag mam, agus ní bhíonn sí á bualadh mar bhíonn sí do mo bhualadhsa, agus ní ceart é sin. Is fearr mise ná Cáit ar gach aon tsórt slí, ach cad é an mhaith sin — ní bhfaighimse aon ní ó mham ach an tslat agus faigheann Cáit peataireacht.

Má dhéanann Cáit aon rud as an slí ní thugann mo mháthair di ach scríob dá teanga. Cuireann sé sin an óinsín ag gol. Dá mba mar sin a dhéanfadh mam liomsa é nach agam a bheadh an saol breá!

Ach níl aon mhaith i gCáit. Deir mo mháthair liom bheith ag imirt léi, agus bím, uaireanta. Ní fhéadfadh sí aon léim a chaitheamh, a dhuine, ná níl aon mhaith chun reatha inti. Bhí cnaipí deasa aici agus dúrt léi imirt, agus bhuas uaithi na cnaipí go léir a bhí sa bhosca aici!

Chrom sí ar ghol, a mhic ó! agus níor theastaigh uaithi iad a thabhairt dom in aon chor, ach bhaineas di iad. Ach, a dhuine! tharraing sí an tigh orm leis an screadaigh; agus nuair tháinig mam bhain sí gach aon chnaipe acu díom; agus bhain sí mo chuid féin, leis, díom a bhí ar chórda agam.

D'fhiafraigh sí díom cá bhfuair mé iad go léir. D'inis mé di gur bhuas ó na buachaillí eile ar scoil iad — agus bhuaigh, leis.

Ach níor shásaimh sin mam gan féachaint ar mo bhríste. Ní raibh cnaipe ann agam ach trí pholl déanta agam ann agus na guaileáin greamaithe le dhá bhuaircín adhmaid agus táirne trí órlach!

Dhéan mam beart náireach orm ansan. Chuir sí d'fhiacha orm an dá chipín agus an táirne a chaitheamh uaim agus an bríste a choimeád suas le mo dhá láimh. Chaitheas trí lá mar sin go raibh mo chroí briste.

Ach níorbh é sin a chuir an straidhn ar fad orm ach Micilín Eoin ag magadh fúm. Ní fhéadfainn rith ina dhiaidh, tá fhios agat, agus chráigh sé mé. An tríú lá chuaigh mé go dtí mam.

"A mham," arsa mise, "cuir isteach na cnaipí dom, má-má-más é do thoil é. Ní ghearrfaidh mé amach aon cheann go brách arís."



Bríste-ar-bhois ! Bríste-ar-bhois !

D'fhéach sí orm. Bhí sí ag iarraidh a dhéanamh amach cad é an fuadar a bhí fúm.

"Á ! déan, a mhaimí," arsa mise, "agus beidh mé i mo bhuachaillín mhaith."

"Um-m-m," ar sise, "ní fheadar don saol cad é an t-athrú seo atá ag teacht ort. Mar sin féin cuirfead isteach iad; ach má bhíonn sé den tubaiste ort go gcuirfidh tú scian ar aon cheann eile acu bainfead an craiceann díot."

A fhad a bhí sí ag cur na gcnaipí isteach bhí sí do mo chroitheadh mar dhéanfadh madra le francach.

"Sea, 'migh ort anois," ar sise, nuair bhíodar istigh aici agus na guaileáin i bhfearas arís orm.

Bhuaileas an doras amach go breá bog agus síos an bhuaile agus mo dhá láimh i bpócaí mo bhríste agam á choimeád suas, mar dhea. Ní fada a chuas nuair chonaic Micilín Eoin arís mé agus seo chugam é, agus draid air ag magadh fúm.

"Bríste-ar-bhois!" ar seisean, "Bríste-ar-bhois! Hí-ú! Hí-ú!"

Theastaigh uaim é mhealladh in aice liom.

"Caith crúistín nó cloch liom agus tarraing ort mé," arsa mise.

"Caithfead a Bhríste-ar-bhois," ar seisean, agus chrom sé síos chun rud éigin a fháil a chaithfeadh sé liom. Sin é an uair a phreabas chuige. Nuair a chonaic sé ag teacht mé, agus gan aon lámh in aon phóca liom, chuir sé béic as agus siúd leis agus é ag screadaigh.

Thánga suas leis agus thugas cor coise dó, agus shíneas ar an dtalamh é. Shuíos anuas air ansan agus shás a shrón síos sa talamh.

"Abair 'Bríste-ar-bhois' anois, a Mhicilín," arsa mise, agus chuireas dorn cré síos laistigh dá léine. "Hop, a chapaillín," arsa mise leis agus mé síos, suas ar a dhroim.

Bhaineas sásamh mo chroí as agus bhí ana-spórt agam air go ceann tamaill.

## Ceisteanna

1. Peata sa tigh is ea Cáit. Mínigh.
2. Tugann mam scríob dá teanga di. Abair é seo i slí eile.
3. Tharraing sí an tigh orm. Mínigh.
4. Cuir na tréithe seo le Jimín agus Cáit: saonta; glic; cineálta; gan trua, gan taise; garbh; cneasta.
5. Cá bhfuair Jimín na cnaipí ar fad; dar leis féin?
6. Níor chreid mam é agus an ceart aici. Mínigh.
7. Cad ina thaobh nár fhéad Jimín rith i ndiaidh Mhicilín Eoin?
8. Bhuail Jimín bob ar Mhicilín. Conas?
9. Conas a leag Jimín Micilín?
10. Dhéan Jimín rud gránna le Micilín. Mínigh.

## Obair le déanamh

Scríobh amach iad so gan aon lúibíní

a. Tigh (an bhean).
b. Bréagáin (an bhábóg).
c. Gloine (an fhuinneog).
d. Cos (an mhuc)
e. Muintir (an tír)
f. Ar fud (an áit)
g. Geata (an pháirc)
h. Ubh (an chearc)

# An Bhean Uasal agus a Madra

A on lá amháin bhí bean uasal ag taisteal ar an dtraein ón nDaingean go Trá Lí. Bhí madra beag deas mar pheata aici agus ní raghadh sí in aon áit gan é. Thug sí an madra lei isteach sa traein agus é neadaithe ina baclainn aici mar a bheadh leanbh agus a brat á chlúdach.

Thoir ar an gCom tháinig fear isteach sa charráiste agus shuigh sé in aice na mná. Bheannaíodar dá chéile ach ní mór an chaint eile a déanadh mar bhí an bhean ró-chúramach (gnóthach) ag tabhairt bídh don madra.

"Ó an buachaillín bocht," arsa an bhean. "Billy bocht. Tá sé tuirseach. Níl aon ghoile aige. Seo, a chroí, ná híosfaidh tú píosa deas feola. Seo, anois, ith é seo nó beidh do mham ana-bhuartha mar gheall ort."

Bhí an fear ag féachaint go géar ar an mbean agus é cinte do gur leanbh a bhí ina baclainn aici. Ní fhéadfadh sé aon radharc d'fháil ar Bhilly, má sea.

"Ó caithfead beagáinín aeir a thabhairt duit, a chroí," arsa an bhean.

Ansan bhain sí beagáinín den mbrat don madra agus leath a dhá shúil ar an bhfear nuair a fuair sé radharc ar Bhilly.

"Is mó sórt ar an saol," arsa an fear ina aigne féin, agus chuir sé a lámh ina phóca agus tharraing amach a phíopa (a phíob).

Bhí sé díreach ag lasadh an phíopa (ag lasadh na píbe) nuair a lig an bhean scréach aisti.

"Ó ná déan, ná dearg é, ná déan," arsa an bhean. "Mharódh sé Billy."

"Beidh mo ghal agam-sa," arsa an fear. "Is cuma cad a dhéanfaidh Billy."

D'éirigh an bhean ina seasamh agus sciob sí an píopa amach as béal an fhir agus chaith amach an fhuinneog é. Bhí an fear ar dhearg buile agus cad a dhéan sé ach breith ar an madra agus é a chaitheamh amach i ndiaidh an phíopa.

Bhí an bheirt ag aragóint agus ag achrann lena chéile gur shroicheadar an stáisiún i dTrá Lí. Ar aghaidh leo suas an t-árdán chun dul ag caint le máistir an stáisiúin. Pé féachaint a thug an fear siar chonaic sé radharc a bhain preab as. Cad a chífeadh sé chuige aníos an bóthar iarainn ach an maidrín agus an píopa ina bhéal aige.

*Ó bhailiúchán bealoidis na scoileanna.*

## Ceisteanna

1. Ainmnigh trí cinn de pheataí a bhíonn ag daoine seachas madra.
2. An mó stáisiún a bhí ar an mbóthar iarainn ón nDaingean go Trá Lí?
3. Cá raibh an madra ar an dtraein?
4. Cén saghas ball éadaigh é brat?
5. Cathain a bhíonn goile ag duine?
6. Tabhair tréithe na mná: sotalach; cineálta; mí-thuisceanach; cáirdiúil; cainteach; droch-bhéasach.
7. Cén bia a bhí an bhean ag tabhairt don madra?
8. Cheap an fear gur leanbh a bhí ag an mbean. Cad ina thaobh?
9. Cad a dhéanann máistir an stáisiúin?
10. Is dócha go raibh an bheirt sásta ar deireadh. Cad a cheapann tú?

# LÚBRA

Tá bailte móra agus sráidbhailte Chiarraí sa lúbra — cúig cinn déag díobh. Faigh amach iad.

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | N | N | A | N | B | A | I | L | E | D | U | B | H | F |
| B | R | I | S | T | F | L | M | E | T | R | N | A | N | Í |
| S | O | R | L | R | T | S | N | A | T | R | Á | I | I | A |
| E | N | R | I | Á | L | L | I | C | R | Ó | E | L | Á | R |
| F | R | S | N | L | T | R | A | S | B | H | R | E | H | R |
| O | R | L | T | Í | U | T | R | N | S | M | R | T | B | A |
| L | M | P | O | R | T | T | S | Á | P | H | I | H | R | I |
| I | T | O | R | M | T | L | I | M | P | T | O | A | A | H |
| L | B | C | D | T | E | F | S | H | C | Á | C | I | H | C |
| N | Á | H | C | O | L | C | N | A | C | R | N | D | G | N |
| T | I | R | D | N | Í | D | I | E | N | N | A | H | L | Á |
| F | O | A | N | D | A | I | N | G | E | A | N | G | L | E |
| C | D | E | L | I | A | H | T | A | U | T | S | O | I | L |
| N | Í | H | B | I | A | S | R | I | A | H | T | A | C | I |
| A | B | H | A | I | N | N | A | N | S | C | Á | I | L | O |

# Dúil sa Tobac

Is dócha go rabhas dosaen blian nuair a thástálas mo chéad thoitín. Is minic a bhíos i mo sheasamh thiar ag bun an phoirt ar an bhFeothanaigh mar is ansiúd a bhailíodh idir óg agus aosta gach tráthnóna an tráth úd.

Aon duine go raibh an sé bliana déag glan aige bheadh buit toitín idir a dhá liopa aige. Bheadh sé críonna a dhóthain ansan chun toitín a chaitheamh go poiblí.

Bhínnse i mo sheasamh ansiúd le hais le duine éigin go mbíodh '*Woodbine*' ina bhéal aige. D'fhanainn ar thaobh na gaoithe dho d'fhonn is go mbeadh deatach an toitín ag gabháil thar mo choincín.

Ó a dhuine ba bhreá an boladh a bhíodh as an ndeatach san! Anois agus arís

gheobhaimís gal ó dhuine des na fir fásta ach b' annamh é mar ní bhíodh fiacha na dtoitíní ag cuid acu.

Nuair a bheadh smut den dtoitín caite acu baintí an barra dearg de chun é a spáráil agus buailtí ar ais sa phóca é. Ansan deargaítí an dara smut den dtoitín tar éis tamaill. Bheifí ag faire éinne go mbeadh bosca toitíní aige. Ach ní toitíní slána a bheifí ag lorg air in aon chor ach buit. Ní bheadh duine ina fhear dar linn go mbeadh *feaig* sáite amach as a phus aige agus é ag scaoileadh fo-ghal anuas trína shrón.

Bhí saghas éigin laochais ag baint leo an uair sin, dar linn. Bhí buachaill amháin ó Bhaile an Mhúraigh gurb ainm dó Eddie Hutch agus ní thagadh sé ar scoil aon lá gan buit de thoitín a bheith ina phóca aige.

Cheistíos lá amháin é mar gheall ar seo.

"Tugann m'uncail Maidhc a lán toitíní dom," a dúirt sé.

Ní fada go rabhasa ag tabhairt fo-gheábh ar Uncail Maidhc chun aithne níos fearr a chur air! Fonn tobac a bhí ormsa agus é siúd fial flaithiúil lena chuid.

Satharn breá i ndeireadh agus tsamhraidh thugas cuairt air sall go Baile an Mhúraigh. Chuas isteach go tig mhuintir Hutch agus bhí Maidhc suite sa chúinne ar chathaoir shúgáin agus Eddie suite ar stól beag ina aice agus bús deataigh ag teacht ón mbeirt.

"Suigh síos a gharsúin," arsa an t-uncail liomsa agus é ag pointeáil a chána i dtreo stóilín bhigh a bhí istigh fén mbórd.

Ní rabhas i bhfad i mo shuí nuair a tharraing Maidhc amach bosca toitíní. D'árdaigh mo chroí.

"An bhfuil an droch-bhéas fós agat?" arsa é siúd.

"Tá," arsa Eddie agus thóg toitín as an mbosca sula bhféadas féin aon fhreagra a thabhairt.

Sháigh sé an toitín isteach i mo bhéal agus rug ar shméaróid amach as an dtine leis an dtlú agus dheargaigh an toitín. Is gearr a gharsúin go raibh scamaill deataigh á n-árdú agam chomh maith leis an mbeirt eile. Bhí an chuid eile den líon tí imithe dhon Daingean agus saoirse an tí ag an dtriúr againn.

"Scaoil siar an gal," arsa Eddie, "nó ní bhfaighir aon tsásamh ann."

Dheineas amhlaidh agus cheapas go rabhas chomh maith le fear agus an toitín ansiúd agam idir mo dhá mhéir.

Nuair a bhí leath den dtoitín caite chaitheas an barra dearg de isteach sa tine chomh pointeálta le haon fhear fásta. Bhíos mar sin gur bhraitheas mo cheann ag éirí éadrom agus mo scámhóga ag casadh ar a chéile mar a cheapas.

"Caithfead dul abhaile agus an mhóin a thabhairt isteach i gcomhair na maidne," arsa mise agus ghlanas liom an doras amach agus smúit á bhaint as an dtalamh agam.

Thugas mo chosa liom soir chomh fada le bóithrín beag ná raibh in úsáid le fada agus sceacha ag fás go rábach air. 'Bóithrín an Bhy' a thugaimís air. Fuaireas paiste ansiúd ná féadfadh éinne mé a fheiscint agus chuireas amach a raibh istigh i mo bholg. D'fhanas luite ansiúd ar feadh uair a chloig féachaint an dtiocfainn chugam féin ón mbreoiteacht a bhí orm.

Cheapas féin go rabhas sna croití deireannacha. Fé cheann tamaill mhaith thosnaíos ag teacht chugam féin agus thugas bonn den mbóthar abhaile.

*Sliocht as* A Thigh ná Tit Orm *le Maidhc Dainín Ó Sé.*

## Ceisteanna


1. Cén aois a bhí an t-údar nuair a chaith sé toitín ar dtús?
2. Bhí toitíní gann an uair úd. Mínigh.
3. Conas a gheibheadh an t-údar boladh an toitín?
4. Mínigh: gal; fiacha na dtoitíní; buit; smut; *feaig*; laochas;
5. An doigh leat go raibh an t-údar: cliste; amaideach; saonta; fiosrach; glic; mí-chúramach?
6. Conas a lasadh toitín an údair i dtigh Mhuintir Hutch?
7. "Scaoil siar an gal." Mínigh.
8. Níor chríochnaigh sé an toitín. Cad a dhéan sé leis?
9. Tháinig breoiteacht ar an údar. Mínigh.
10. Ní ró-mhaith a thaitin a chéad thoitín leis an údar. An doigh leat gur fhoghlaim sé ceacht as an eachtra?

## Obair le déanamh

Scríobh amach iad so gan lúibíní:

a. Tigh (an fear).
b. Athair (an cailín).
c. Leabhar (an garsún).
d. Mac (an feirmeoir).
e. Falla (an tigh).
f. Claí (an bóthar).
g. Caint (an duine).
h. Leanaí (an bacach).
i. Clúdach (an leabhar).
j. Cos (an madra).

## CROSFHOCAL




*ANUAS*

1. Malairt 'bocht'.
2. Ag deireadh focail chun é a dhéanamh beag.
3. Focal eile ar 'bailiú'.
4. Cónaíonn an tUachtarán in ---- an Uachtaráin.
5. Rogha: ar mhaith leat caife -- tae?
6. D'oscail mé an doras ach ní raibh aon duine ---.
10. --- an gcéanna
12. Ainmhí feirme.

*TRASNA*

1. Gárda --------.
7. Uimhir uatha 'na'.
8. Bíonn sé sa bhfarraige agus uaireanta bíonn liathróid ar a shrón.
9. Géag.
11. Ábhar creatlaigh.
13. Cuirtear bainne ann.